SEOLADH

**7 CEARNÓG MHUIRFEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2 /**

**TEACH AN GHEATA THIAR, 4 SRÁID NA BANRÍONA, BÉAL FEIRSTE BT1 6ED**

Teil: 01 639 8400  agus  00 44 28 90890970

rphost: socoinne@forasnagaeilge.ie

Seoladh gréasáin: www.forasnagaeilge.ie

Dáta: 8 Meitheamh 2016

**Aighneacht: Foras na Gaeilge**

**8 Meitheamh 2016**

# COMHAIRLIÚCHÁN – RÁITEAS STRAITÉISE 2016 – 2018 (i. STRAITEIS NUA DON OIDEACHAS AGUS DO SCILEANNA 2016 – 2018)

# AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA

## 1. RÉAMHRÁ

Fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh an deis tuairimí a léiriú i leith **Straitéis nua don Oideachas agus do Scileanna 2016-2018** a fhorbairt. Aithníonn Foras na Gaeilge gur obair dhúshlánach a bheas ann straitéis nua a fhorbairt don oideachas agus do scileanna mar chuid den Chlár Rialtas ach cuireann muid fáilte roimh an deis bheith rannpháirteach leis na páirtithe leasmhara eile san earnáil sna forbairtí seo. Leagtar amach sa cháipéis seo moltaí Fhoras na Gaeilge maidir le straitéis nua.

## 2. STAIR FHORAS NA GAEILGE

Bunaíodh Foras na Gaeilge i Mí na Nollag 1999, mar an comhlacht atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann. I measc na bhfreagrachtaí atá ar Fhoras na Gaeilge, tá tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht Rialtais, Thuaidh agus Theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an Ghaeilge.

## 3. FEIDHMEANNA FHORAS NA GAEILGE:

De réir Chuid 5 den reachtaíocht faoinar bunaíodh Foras na Gaeilge, AN tACHT UM CHOMHAONTÚ NA BREATAINE-NA hÉIREANN, 1999, tá na feidhmeanna seo a leanas ag Foras na Gaeilge:

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Is de réir na feidhme "**comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach**" is mian le Foras na Gaeilge moltaí a chur i láthair ar **Straitéis nua don Oideachas agus do Scileanna**.

## 4. MOLTAÍ

1. Fáiltímid roimh an tagairt don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge i Ráiteas Straitéise 2015-2017. Is léir go bhfuil tosaíocht déanta sa Roinn Oideachais agus Scileanna de chodanna ar leith den Straitéis 20 Bliain, go háirithe i dtaca le Polasaí Oideachais don Ghaeltacht de a aithníonn ról reachtúil na Roinne Oideachais agus Scileanna i gcaomhnú na Gaeilge sa Ghaeltacht. Dar le Foras na Gaeilge go bhfuil deis ann sa Straitéis nua don Oideachas tógáil ar an infheistíocht ama agus acmhainní trí thagairt ar leith a dhéanamh d'fheidhmiú an Pholasaí Oideachais Gaeltachta. Bheadh a leithéid de thagairt ag teacht go hiomlán le fís na Roinne Oideachais agus Scileanna ina luaitear *riachtanais foghlaimeoirí agus na sochaí araon.*

**Moladh: Go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tagairt ar leith d'fheidhmiú an Pholasaí Oideachais Gaeltachta sa Ráiteas Straitéise**

2. Tá riachtanais foghlaimeoirí agus na sochaí i dtaca leis an Ghaeilge de ríthábhachtach d'Éirinn mar stát. I dtuairisc ar thaighde a rinne Foras na Gaeilge a choimisiúnú in 2013, tuairiscíodh go raibh 67% de phobal Phoblacht na hÉireann i bhfách leis an Ghaeilge. *(Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge: Merike Darmody (ITES) agus Tania Daly (Amárach Research); Lúnasa 2015 - Le híoslódáil ó www.esri.ie; ISBN 978 0 7070 0389 4).*

   Tuairiscíodh gur mheas 64% de phobal na Poblachta go bhfuil an Ghaeilge mar dhlúthchuid d'fhéiniúlacht na hÉireann, agus 53% den phobal den tuairim gur cheart don Rialtas a chinntiú go mbíonn an Ghaeilge á teagasc go maith sna scoileanna.

   Tá Foras na Gaeilge buartha nach bhfuil an cur chuige reatha le pátrún a shocrú do sholáthar nua bunscolaíochta in ann freastal a dhéanamh orthu siúd ar mian leo an gaeloideachas bheith ar fáil dá bpáistí. Faoi láthair tá líon suntasach tuismitheoirí i gceantair éagsúla nach bhfuil freastal á dhéanamh ar a riachtanais ná ar riachtanais a bpáistí mar fhoghlaimeoirí. Níl cur chuige na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le roghnú scoileanna (ag an bhunleibhéal agus ag an iarbhunleibhéal) i gceantair réamhaitheanta ag tabhairt aitheantais ar an éileamh atá ann ar an ghaeloideachas thar scoileanna meáin Bhéarla faoi phatrúin éagsúla. Is féidir amharc ar an sampla is déanaí ó Bhaile Átha Cliath 9 i. Droim Chonrach agus Marino áit ar léirigh c.750 duine suim i soláthar ghaeloideachais sa cheantar. Tuigeann Foras na Gaeilge go ndearnadh an cinneadh seo de réir phróiseas roghnaithe pátrún na Roinne Oideachais agus Scileanna, agus aithnímid gur bronnadh pátrún ar an Fhoras Pátrúnachta don scoil úr i gceantar Bhaile na nGabhar/Stigh Lorgan de réir an phróisis chéanna sin. Aithnímid fosta nach bhfuil amhras ar bith ann ach go bhfuil éileamh an-mhór i gceantar Dhroim Conrach/Marino ar an chineál oideachais a chuirfidh Educate Together ar fáil, agus dá réir sin, gur ceist achrannach chasta í. Ar láimh amháin, tá an stát agus an Rialtas ag iarraidh cur le líon na gcainteoirí Gaeilge sa stát, riar ar an éileamh ó thuismitheoirí le haghaidh gaeloideachais, agus cur le líon na dtuismitheoirí a bhfuil teacht acu ar ghaeloideachas dá gcuid páistí, agus ar an láimh eile, tá córas in áit ag an Roinn Oideachais agus Scileanna atá ag séanadh an chirt sin ar líon mór tuismitheoirí, agus atá ag baint as faoi pholasaí an Stáit de réir mar atá leagtha amach sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge.

Ba mhaith le Foras na Gaeilge tús a chur le plé oscailte leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcomhar le páirtithe leasmhara eile (Gaelscoileanna Teoranta, An Foras Pátrúnachta agus Conradh na Gaeilge) faoin chur chuige reatha atá ann freastal a dhéanamh ar an éileamh sa phobal ar an Ghaeloideachas. Tá Foras na Gaeilge go láidir den tuairim go bhfuil gá le meitheal oibre leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis na páirtithe leasmhara eile le dul i ngleic leis an cheist chasta seo.

**Moladh: Go mbunóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna meitheal oibre leis na páirtithe leasmhara éagsúla le dul i ngleic le ceist an éilimh ar an ghaeloideachas sa phobal.**

3. Ní féidir riar ar riachtanais foghlaimeoirí agus phobal na Gaeilge gan tabhairt go straitéiseach faoi sholáthar áiseanna teagaisc agus foghlama lena n-áirítear foclóirí atá cothrom le dáta. Is doiligh a chreidiúint go bhfuil an Stát ar iarraidh ar fhoghlaimeoirí in earnáil oideachais lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht agus sa Ghalltacht bheith taobh le foclóirí dátheangacha Béarla-Gaeilge agus Gaeilge-Béarla. Téann seo go díreach in éadan éiteas agus fealsúnacht earnáil na gaelscolaíochta.

**Moladh: Go dtacóidh an Roinn Oideachais agus Scileanna le feidhmiú Straitéis Foclóireachta Fhoras na Gaeilge agus go gcuirfear maoiniú cuí ar fáil leis an straitéis a fheidhmiú agus le háiseanna a sholáthar.**

4. Fáiltímid roimh na tagairtí sa Ráiteas Straitéise don Churaclam Comhtháite Teanga ag leibhéal na Bunscoile faoi Aschuir Sprioc 1. Is dul chun cinn suntasach atá sa chur chuige úr seo a bhfuil an cumas aige dearcadh agus cumasú páistí a athrú ar bhealach an-suntasach, agus dearcadh a dtuismitheoirí agus a múinteoirí chomh maith.

   De réir an taighde atá luaite ag 2. thuas *Dearcadh an Phobail i leith na Gaeilge*, agus ó thaighde *Growing Up in Ireland (GUI)* agus ó *Post Primary Longitudinal Study (PPLS)*, bíonn dearcadh níos diúltaí ag daltaí i leith na Gaeilge ná a bhíonn acu i leith croí-ábhar eile. Mar shampla:

   a. In iar-bhunscoileanna sa Phoblacht, mheas na daltaí nach bhfuil an Ghaeilge chomh húsáideach céanna le Béarla ná leis an Matamaitic;

   b. Measadh an Ghaeilge a bheith níos deacra freisin, agus gan a bheith chomh spéisiúil le Béarla ná Matamaitic; agus

   c. Is cosúil go gcoinníonn daltaí a ndearcadh diúltach i leith na Gaeilge ar feadh thréimhse na hiar-bhunscolaíochta.

   Mar sin féin tá a fhios againn ón taighde go bhfuil an pobal, idir thuismitheoirí agus dhaltaí dearfach i leith na Gaeilge agus gur mhaith leo í a fhoghlaim go héifeachtach ar scoil.

   Is deis iontach é an Curaclam úr le tabhairt faoi mhórán de na deacrachtaí a bhaineann go stairiúil le múineadh na Gaeilge agus le foghlaim na Gaeilge ag leibhéal na bunscoile. Beidh sé tábhachtach mar sin nach ndéantar in athuair na botúin a rinneadh roimhe nuair a tugadh isteach bealaí úra le plé le ceist na Gaeilge sa chóras oideachais i dtaca le hacmhainní de agus le hoiliúint múinteoirí.

Dar le Foras na Gaeilge go mbeidh sé tábhachtach go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tosaíocht d'oiliúint inghairme múinteoirí bunscoile le go mbeidh siad in inmhe dul i ngleic go fonnmhar leis an churaclam comhtháite teanga, agus go mbeidh na hacmhainní acu leis sin a dhéanamh. Dá réir sin, beidh múinteoirí níos dearfaí i leith theagasc na Gaeilge agus beidh na daltaí níos dearfaí dá bharr.

**Moladh: Go ndéanfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tosaíocht d'oiliúint inghairme múinteoirí bunscoile le go mbeidh múinteoirí in inmhe dul i ngleic go fonnmhar leis an churaclam comhtháite teanga**

5. Tá tagairt, faoi na hAschuir do Sprioc 1, d'Oideachas Tosaigh Múinteoirí, don Chlár Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí, agus don Chreat Caighdeán Gairmiúil don Mhúinteoireacht. Dar le Foras na Gaeilge go dtugann na nithe seo deis an-mhaith don Roinn Oideachais agus Scileanna dul i ngleic le ceann de na baic is mó atá ag baint as faoi iarrachtaí scoileanna agus an Stáit dul i ngleic le múineadh na Gaeilge inár scoileanna, mar atá caighdeán Gaeilge na múinteoirí nua-cháilithe bunscoile.

   Go dtí seo is ar ghráid Ghaeilge na hArdteistiméireachta agus ar riachtanais iontrála daltaí Ardteiste ag iarraidh áit a fháil sna Coláistí Oiliúna a cuireadh an bhéim agus an cheist seo á plé. Molann Foras na Gaeilge don Roinn Oideachais agus Scileanna an bhéim seo a athrú anois ó cheist na riachtanas iontrála go ceist na riachtanas cáilithe.

   Leis sin a dhéanamh bheidh ar an Roinn Oideachais agus Scileanna dul i ngleic leis an cheist seo, i gcomhar leis an Chomhairle Mhúinteoireachta agus leis na Coláistí Oiliúna, lena chinntiú go bhfuil leibhéal sásúil Gaeilge ina chuid **riachtanach** de cháiliú an mhúinteora nua-cháilithe bunscoile. Dá réir sin, beidh an Stát ag caitheamh leis an Ghaeilge mar a chaitear leis an uimhearthacht, leis an litearthacht agus le gné an tsocrúcháin scoile den chóras oiliúna múinteoirí. Tá léargas soiléir déanta ar an dóigh a bpléitear le nithe atá bunriachtanach (litearthacht, uimhearthacht agus socrúchán scoile) maidir le gairm na múinteoireachta in Éirinn sa sliocht seo leanas as Oideachas Tosaigh Múinteoirí: *Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir – Lúnasa 2011:*

   > *Chun an chéim a bhaint amach, ba chóir go mbeadh múinteoirí faoi oiliúint ábalta leibhéal inghlactha cumais a léiriú maidir le litearthacht agus le huimhearthacht. Ba chóir go ndéanfaí measúnú litearthacht agus uimhearthacht ag múinteoirí faoi oiliúint a thomhas, de réir mar is cuí dá réimsí ábhair/curaclaim. Ba chóir critéir ghrádaithe maidir le litearthacht agus le huimhearthacht a bheith sna measúnuithe uile, de réir mar is cuí.*
   >
   > *Chun an cháilíocht atá á bronnadh a bhaint amach, caithfidh múinteoir faoi oiliúint pas a ghnóthú sa socrúchán scoile dá c(h)uid cláir oideachas múinteoirí, gan beann ar chodanna eile den chlár. Sa chás go dteipeann ar mhúinteoir faoi oiliúint pas a ghnóthú sa socrúchán scoile, ba chóir tacaíocht maidir le saibhriú teagaisc agus meantóireacht a thairiscint dóibh agus ansin deis amháin eile ar ath-shocrúchán.* B.
   >
   > ***Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir – Lúnasa 2011***

Nuair a bhíonn an cur chuige seo in úsáid ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ní bheidh ábhar oide in ann cáiliú mar mhúinteoir nua-cháilithe bunscoile gan caighdeán sásúil Gaeilge acu. Dá réir sin, beidh an fhreagracht ar scoláirí féachaint chuige go mbaineann siad an leas ceart as socrúcháin Ghaeltachta agus as deiseanna eile foghlama a chuireann na Coláistí Oiliúna ar fáil dóibh.

**Moladh: Go dtabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna treoir don Chomhairle Mhúinteoireachta na Critéir agus Treoirlínte do Sholáthraithe Cláir a leasú leis an Ghaeilge a chur ar chomhchéim leis an Litearthacht, Uimhearthacht agus Socrúchán Scoile.**